# SITE NOTICE

## Planning and Development Act 2000, as amended

## Notice of Direct Planning Application to An Bord Pleanála

## Strategic Infrastructure Development

## County Donegal

In accordance with Section 37E of the Planning and Development Act 2000, as amended, we, Cloghercor Wind Farm Limited, give notice of our intention to make an application to An Bord Pleanála for permission for a period of 10 years, for development comprising the construction of a wind farm and related works within the townlands of Clogherachullion, Cloghercor, Derryloaghan, Aghayeevoge, Cashelreagh Glebe, Darney, Drumard, and Drumnacross Co. Donegal.

The proposed development will constitute the provision of:

- Erection of 19 no. wind turbines with an overall blade tip height range from 185m to 200m, a rotor diameter range from 149m to 164m, a hub height range from 112m to 125m, and all associated foundations and hard-standing areas in respect of each turbine;
- Construction of new site entrance with access onto the L6483 local road for the construction phase (operational phase maintenance traffic only), and utilisation of a permitted forest entrance (Pl. Ref. 1951040) to the L6483 as a second entrance to the wind farm for the construction phase;
- Improvements and temporary modifications to 4 no. locations adjacent to the public road to facilitate delivery of abnormal loads and turbine delivery on the R262 and N56 in the townlands of Drumard, Darney, Cashelreagh Glebe and Aghayeevoge, Co. Donegal;
- Construction of an area of temporary hard standing to function as a blade transfer area to facilitate turbine delivery, with associated access to and from the public road R262, in the townland of Drumnacross;
- Construction of 2 no. temporary construction compounds with associated temporary site offices, parking areas and security fencing;
- Installation of 1 no. permanent meteorological mast with a height of 100m;
- 4 no. borrow pits;
- Construction of new internal site access roads and upgrade of existing site roads, to include passing bays and all associated drainage;
- Construction of drainage and sediment control systems;
- Construction of 1 no. permanent 110kV electrical substation including:
    - 1 no. EirGrid control building containing worker welfare facilities and equipment store;
    - 1 no. Independent Power Producer (IPP) control building containing HV switch room, site offices, kitchen facilities, storeroom and toilet amenities.
    - All electrical plant and infrastructure and grid ancillary services equipment;
    - Parking;
    - Lighting;
    - Security Fencing;
    - Wastewater holding tank;
    - Rainwater harvesting equipment;
    - All associated infrastructure and services including site works and signage;
- All associated underground electrical and communications cabling connecting the wind turbines to the proposed wind farm substation;
- All works associated with the connection of the proposed wind farm to the national electricity grid, which will be via a loop-in 110 kV underground cable connection (approximately 4.1km cable length in underground trenches along approximately 3.36km of site road) to the existing 110kV overhead line in the townland of Cloghercor, Co. Donegal, with 2 no. new 16m and 21m high steel lattice end masts at each interface;
- Removal of 13 no. existing wooden polesets and 1 no. steel lattice angle mast between the 2 no. proposed new interface end masts;
- 2 no. watercourse (stream) crossings on the grid connection route;
- All related site works and ancillary development including berms, landscaping, fencing and soil excavation;
- Forestry felling to facilitate construction and operation of the proposed development and any onsite forestry replanting;
- Development of a permanent public car park with seating/picnic tables at the end of the construction phase of the development with a new entrance on the L6483;
- Permanent recreational facilities including marked walking trails along the site access roads, and associated recreation and amenity signage; and
- A 10-year planning permission and 35-year operational life from the date of commissioning of the entire wind farm is being sought.

This application is accompanied by an Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and a Natura Impact Statement (NIS).

The planning application, the Environmental Impact Assessment Report (EIAR), and the Natura Impact Statement (NIS) may be inspected, free of charge or purchased for a specific fee not exceeding the reasonable cost of making a copy, during public opening hours for a period of 7 weeks commencing on **20** March 2023 at the following locations:

- **The offices of An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01V902**
- **Donegal County Council, County House, The Diamond, Lifford, Co. Donegal, F93 Y622**

The planning application may also be viewed on the following website: www.cloghercorwindfarmplanning.com

Submissions or observations may be made only to An Bord Pleanála (The Board), at 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01V902 and may also be made online at www.pleanala.ie during the aforementioned period of 7 weeks relating to: (i) the implications of the proposed development for proper planning and sustainable development of the area concerned: (ii) the likely significant effects on the environment of the proposed development if carried out; (iii) the likely effects of the proposed development on a European Site, if carried out.

Any submissions or observations must be accompanied by a fee of €50 (except for certain prescribed bodies) and must be received by the Board not later than 5.30pm on the 08 May 2023 and must include the following information; (i) The name of the person making the submission or observation, the name of the person acting on his or her behalf, if any, and the address to which any correspondence relating to the application should be sent; (ii) the subject matter of the submission or observation, and (iii) the reasons, consideration and arguments on which the submission or observation is based in full. Any submissions or observations which do not comply with the above requirements cannot be considered by the board.

The Board may in respect of an application for permission decide to – (a); (i) grant the permission, or (ii) make such modifications to the proposed development as it specifies in its permission and grant permission in respect of the proposed development as so modified or (iii) grant permission in respect of part of the proposed development with or without specified modifications of it of the foregoing kind and any of the above decisions may be subject to or without conditions, or (b) refuse to grant permission. The decision to hold an oral hearing on this planning application is at the absolute discretion of An Bord Pleanála.

Any enquiries relating to the application process should be directed to the Strategic Infrastructure Section of the Board (telephone no. 01-8588100). Any person may question the validity of any such decision of the board by way of an application for judicial review, under Order 84 of the Rules of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986, as amended by S.I. No. 691 of 2011), in accordance with Section 50 of the Planning and Development Act, 2000 as amended. Practical information on the review mechanism can be accessed on the Board's website www.pleanala.ie or on the Citizens Information Service website www.citizensinformation.ie.

**SIGNED:**

**NAME AND ADDRESSS OF SIGNATORY:** JOHN STAUNTON C/O TOBIN CONSULTING ENGINEERS, BLOCK 10-4, BLANCHARDSTOWN CORPORATE PARK, DUBLIN 15 (AGENT on behalf of Cloghercor Wind Farm Limited)

**DATE OF ERECTION OF SITE NOTICE: 10 March 2023**

# FÓGRA SUÍMH
## An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú
## Fógra i leith Iarratas Díreach Pleanála chuig an mBord Pleanála
## Forbairt Bonneagair Straitéisigh
## Contae Dhún na nGall

De réir Alt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, tugaimidne, Cloghercor Wind Farm Limited, fógra go bhfuil sé ar intinn againn iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chead ar feadh tréimhse 10 mbliana, le haghaidh forbartha a chuimsíonn an fheirm ghaoithe a thógáil agus oibreacha gaolmhara sna bailte fearainn seo a leanas: Clochar an Chuilinn; an Clochar Corr; Doire Luacháin; Achadh Dhíobhóg; Cashelreagh Glebe; an Darnaigh; an Droim Ard; agus Droim na Croise, Co. Dhún na nGall.

Cuimsítear na nithe seo leanas san fhorbairt atá beartaithe:

- 19 tuirbín gaoithe a thógáil le hairde iomlán ó thalamh go barr rinn lainne de réimse idir 185m agus 200m san áireamh. Beidh trastomhas rótair ag na tuirbíní gaoithe idir 149m agus 155m san áireamh agus airde moil idir 112m agus 125m san áireamh, agus na bunsraitheanna agus láithreacha cruasheastán gaolmhara a bhaineann le gach tuirbín ar leith;
- Bealach isteach nua chuig an suíomh a thógáil le rochtain ar an mbóthar áitiúil L6483 don chéim tógála (trácht cothabhála amháin le linn na céime oibríochta), agus bealach isteach foraoise ceadaithe (Tag. Pleanála 1951040) chuig an L6483 a úsáid mar bhealach isteach eile le linn na céime tógála;
- Feabhsúcháin agus coigeartuithe sealadacha a dhéanamh i 4 áit in aice leis an mbóthar poiblí chun seachadadh ualaí neamhghnácha agus seachadadh tuirbíní a éascú ar an R262 agus N56 sna bailte fearainn seo a leanas: an Drom Ard; an Darnaigh; Cashelreagh Glebe; agus Achadh Dhíobhóg, Co. Dhún na nGall.
- Láthair shealadach cruasheastáin a thógáil chun feidhmiú mar áit aistrithe lanna chun seachadadh tuirbíní a éascú, le rochtain ghaolmhar chuig agus ón mbóthar poiblí R262 sa bhaile fearainn Droim na Croise;
- Príomhshuíomh tógála sealadach amháin (1) le hoifigí suímh shealadacha ghaolmhara, limistéir pháirceála agus fálú slándála;
- Suiteáil crann meitéareolaíochta amháin (1) a bheidh 100 méadar ar airde;
- Ceithre (4) shloc soláthair a fhorbairt ar an láthair;
- Tógáil bóithre rochtana inmheánacha buana nua, uasghrádú ar bhóithre rochtana inmheánacha atá ann cheana, lena n-áirítear bánna pasála agus an bonneagar draenála uile lena mbaineann;
- Forbairt líonra inmheánach draenála suímh agus córais rialaithe dríodair;
- Tógáil fostáisiún leictreach buan 110 kV amháin (1) lena n-áirítear:
  - Foirgneamh rialaithe EirGrid amháin (1) ina mbeidh saoráidí leasa oibrithe agus stóras trealaimh;
  - Foirgneamh rialaithe amháin (1) de chuid Táirgeoir Neamhspleách Cumhachta ina mbeidh seomra lasacháin ardvoltais, oifigí suímh, áiseanna cistine, seomra stórais agus leithris.
  - Gach gléasra agus bonneagar leictreach agus trealamh a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha don eangach;
  - Páirceáil;
  - Soilsiú;
  - Fálú Slándála;
  - Umar coinneála fuíolluisce;
  - Trealamh bailithe báistí;
  - An bonneagar agus seirbhísí gaolmhara go léir, lena n-áirítear oibreacha suímh agus comharthaíocht;
- Na cáblaí leictreacha agus cumarsáide faoi thalamh uile a nascann na tuirbíní gaoithe le fostáisiún na feirme gaoithe;
- Na hoibreacha go léir a bhaineann le nasc buan na feirme gaoithe beartaithe leis an eangach náisiúnta leictreachais a dhéanamh agus a chuimsíonn cábla 110 kV faoi thalamh i nduchtanna cábla (thart ar 4.1km de chábla i dtrinsí faoi thalamh feadh thart ar 3.36km de bhóthar suímh) chuig an líne lastuas 110kV atá ann cheana i mbaile fearainn an Clochar Corr, Co. Dhún na nGall, agus dhá (2) chrann cruach arda laitíse deiridh 16m agus 21m ag gach comhéadan;
- 13 thacar cuaillí adhmaid atá ann cheana agus crann laitíse cruach uillinne amháin (1) a bhaint de idir an dá (2) chrann deiridh comhéadain nua atá beartaithe;
- Dhá (2) thrasnán sruthchúrsa ar bhealach an naisc leis an eangach;
- Gach obair forbartha láithreáin agus forbairt choimhdeach lena n-áirítear beirm, tírdhreachtú, fálú agus tochailt ithreach.
- Leagan foraoise chun tógáil agus oibriú na forbartha beartaithe agus athphlandú foraoise ar an suíomh a éascú;
- Carrchlós buan poiblí ina mbeidh suíochánra/boird phicnice a fhorbairt ag deireadh céim tógála na forbartha agus bealach isteach nua a chur ar an L6483;
- Áiseanna áineasa buana lena n-áirítear conairí siúil marcáilte feadh na bóithre rochtana suímh, agus an chomharthaíocht ghaolmhar áineasa agus fóillíochta; agus
- Tá an t-iarratas seo ag lorg cead deich mbliana agus tréimhse oibriúcháin 35 bliain ó dháta coimisiúnaithe iomlán na feirme gaoithe ar fad.

Tá Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ag gabháil leis an iarratas seo.

Féadfar an t-iarratas pleanála, an TMTT agus an RTN a iniúchadh saor in aisce nó a cheannach ar tháille shonraithe a íoc (nach rachaidh an táille thar an gcostas réasúnach chun cóip den sórt sin a dhéanamh) le linn uaireanta oscailte poiblí ar feadh tréimhse seacht seachtaine dar tosach an 20 Márta 2023 ag na láithreacha seo a leanas:

- **Oifigí an Bhoird Phleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902**
- **Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, An Chearnóg, Leifear, Co. Dhún na nGall F93 Y622**

Is féidir féachaint ar an iarratas pleanála ar an suíomh gréasáin seo a leanas freisin: www.cloghercorwindfarmplanning.com

Ní féidir aighneachtaí ná tuairimí a dhéanamh ach amháin chuig an mBord Pleanála féin ("an Bord") 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 i scríbhinn nó ar líne ar shuíomh Gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie le linn na tréimhse thuasluaite de sheacht seachtaine maidir le: (i) impleachtaí na forbartha beartaithe do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an limistéir lena mbaineann; (ii) na héifeachtaí dóchúla a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol, má dhéantar í, agus (iii) na héifeachtaí dóchúla nó éifeachtaí díobhálacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, má dhéantar í.

Ní mór táille €50 (seachas comhlachtaí forordaithe áirithe) a bheith ag gabháil le haon aighneachtaí/tuairimí agus ní mór don Bhord iad a fháil tráth nach déanaí ná 5.30pm ar an 08 Bealtaine 2023. Caithfidh aighneachtaí/tuairimí dá leithéid an fhaisnéis seo a leanas a bheith leo: (i) ainm an duine a dhéanfaidh an aighneacht nó an tuairim, ainm an duine a ghníomhaíonn thar a c(h)eann, más ann dó, agus an seoladh poist d'aon chomhfhreagras a bhaineann leis an tuairim sin; (ii) ábhar na haighneachta nó na tuairime, agus (iii) na cúiseanna, na breithnithe agus na hargóintí ina n-iomláin ar a bhfuil an aighneacht nó an tuairim bunaithe. Ní féidir leis an mBord breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí nó tuairimí nach gcomhlíonann na ceanglais thuas.

D'fhéadfadh an Bord na cinntí a leanas a dhéanamh, i leith an iarratais ar chead pleanála: (a) (i) an cead a dheonú, nó (ii) cibé modhnuithe a dhéanamh ar an bhforbairt bheartaithe a shonróidh sé ina chinneadh agus cead a dheonú i leith na forbartha beartaithe ach a mhodhnú amhlaidh, nó (iii) cead a dheonú i leith cuid den fhorbairt bheartaithe (fara nó d'éagmais modhnuithe sonraithe uirthi den chineál sin roimhe seo), agus féadfaidh aon chinntí thuas a bheith faoi réir nó d'éagmais coinníollacha, nó (b) diúltú an cead a thabhairt. Tá an cinneadh éisteacht ó bhéal a reáchtáil maidir leis an iarratas pleanála seo go hiomlán de rogha ag an mBord Pleanála.

Ba cheart aon fhiosrúcháin i leith phróiseas an iarratais a phlé leis an Rannóg um Infreastruchtúr Straitéiseach de chuid an Bhoird Pleanála (Teil: 01-8588100). D'fhéadfadh duine bailíocht aon chinnidh den chineál sin arna dhéanamh ag an mBord a cheistiú trí bhíthin iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú ag I.R. Uimh. 691 de 2011), i gcomhréir Alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Is féidir teacht ar fhaisnéis phraiticiúil faoin meicníocht athbhreithnithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie.

**SÍNIÚ:** 

**AINM AGUS SEOLADH AN tSÍNITHEORA:** JOHN STAUNTON C/O TOBIN CONSULTING ENGINEERS, BLOC 10-4, PÁIRC CHORPARÁIDEACH BHAILE BHLAINSÉIR, BAILE ÁTHA CLIATH 15 (GNÍOMHAIRE thar ceann Cloghercor Wind Farm Ltd.)

**DÁTA AR CUIREADH SUAS AN FÓGRA SUÍMH: 10 Márta 2023**